| **G.W.3. Grúpscéimeanna Soláthair Uisce Eolas Ginearálta** | Comhairle Chontae na Gaillimhe<br>Galway County Council | G.W.3. Group Water Supply Schemes General Information |
|---|---|---|

| **Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith** | This form is also available in large print |
|---|---|
| **Tá míle fáilte an fhoirm seo a líonadh i nGaeilge** | |

| | |
|---|---|
| **1. Baineann an t-eolas sa mheabhrán mínithe seo le grúpa de bheirt sealbhóirí tí nó níos mó ag teacht le chéile chun soláthar uisce a chur ar fáil dóibh féin sa chás nach bhfuil soláthar ar bith (nó soláthar atá go mór neamhdhóthanach) ar fáil cheana féin.** | 1. The information contained in this explanatory memorandum relates to a group of two or more householders getting together to provide themselves with a water supply where no such supply (or a seriously deficient supply) already exists |
| **2. Is iomaí bhuntáiste agus bharainneachta a bhaineann le grúpa comharsan uisce a phíopáil ó fhoinse amháin go dtí a dtithe agus feirmeacha bainteach leo:-** | 2. The piping of water from a single source by a group of neighbours to their homes and associated farms offers many advantages and economies:- |
| **Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe deontas ar fáil de 85% den chostas faoi réir ag uasteorainn de €6,475 in aghaidh an tí.**<br>**D'fhonn cáiliú do dheontas tí, ní mór don iarratasóir, ar thabhairt chun críche na scéime, doirteal agus sconna a shuiteáil sa teach agus ní mór dóibh a bheith ceangailte leis an ngrúp-sholáthar uisce.** | Galway County Council provides a grant of 85% of the cost subject to a limit of €6,475 per house.<br><br>In order to qualify for a domestic grant, the applicant must, on completion of the scheme, have a sink and tap installed inside his/her house and it must be connected to the group water supply. |
| **3. De ghnáth, cinntíonn na deontais a bhíonn ar fáil go gcoimeádtar ranníocaíochtaí ag leibhéal réasúnach agus d'fhéadfadh méid beag d'obair dheonach a bheith i gceist i roinnt cásanna. Tugann tástálacha a dhéantar roimh thosú ar an obair eolas maidir le hiontaofacht na foinse ó thaobh táirgeachta agus sláinte de. Déanann foireann theicniúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe scrúdú ar phleananna agus leagan amach gach scéime lena chinntiú go mbainfear amach an caighdeán ceart ó thaobh tógála agus feidhmíochta, agus bíonn Cigirí ar fáil le comhairle a chur ar ghrúpaí, le linn dul chun cinn na hoibre, nó ar aon deacrachtaí a d'fhéadfadh a eascairt as.** | 3. The grants available generally ensure that contributions are kept at a reasonable level and in some cases, may include a small element of voluntary labour. Tests carried out before work goes ahead establish the reliability of the source from a health and yield viewpoint. The plans and design of each scheme are examined by the technical staff of Galway County Council to ensure that the proper standard of construction and performance is reached, and Inspectors are available to advise groups, during progress of the work, on any difficulties that may arise |

| | |
|---|---|
| **4. An tslí le grúpscéim uisce a phleanáil:** | 4. How to plan a group water scheme: |
| **Is féidir grúpscéimeanna a chur i gcrích, faoi réir ag ceadú ón Údarás Áitiúil:-** | Group schemes may be carried out, subject to the approval of the Local Authority:- |
| **(a) in áiteanna nach bhfuil sé beartaithe ag an údarás áitiúil scéim phoiblí a chur ar bun** | (a) in areas where the local authority do not propose to carry out a public scheme |
| **(b) in áiteanna ar féidir freastal orthu trí shíneadh a chur le príomhlíonra uisce údaráis áitiúil atá ann cheana féin** | (b) in areas which can be served by extensions of existing local authority water mains. |
| **(c) in áiteanna ina bhfuil sé beartaithe ag an údarás áitiúil soláthar uisce poiblí a chur ar fáil amach anseo. I gcásanna den sórt sin ba chóir scéimeanna a leagan amach le gur féidir iad a lánpháirtiú leis an scéim phoiblí in am trátha.** | (c) in areas where the local authority intend at a later stage to provide a public water supply. In such cases schemes should be designed as to be capable of being integrated with the public scheme in due course. |
| **<u>Má tá spéis agatsa agus ag do chomharsana i scéim ba chóir daoibh déanamh mar seo a leanas:-</u>** | <u>If you and your neighbours are interested in a scheme you should proceed as follows:-</u> |
| **(a) Coiste a roghnú ar dtús a bheidh comhdhéanta de líon nach mó ná seisear faoi cheannas eagraí grúpa fuinniúil a stiúrfaidh gach gnó riachtanach idir an grúpa agus Comhairle Chontae na Gaillimhe.** | (a) The starting point is the selection of a committee comprising not more than six people and headed by an energetic group organiser who will conduct all necessary business with the group, and Galway County Council. |
| **(b) Ba chóir don Eagraí scríobh sa chéad ásc chuig an Rúnaí, Comhairle Chontae na Gaillimhe, an Roinn Seirbhísí Uisce, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, chun fógra a thabhairt go bhfuil sé i gceist grúpscéim a chur le chéile.** | (b) The Organiser should write in the first instance to the Secretary, Galway County Council, Water Services Department, County Hall, Prospect Hill, Galway giving notice of the intention to formulate a group scheme. |
| **5. Maoiniú** | 5. Financing |
| **Na rannpháirtithe a íocann an chuid den chostas scéime nach gclúdaítear le deontais stáit, le hairgead tirim agus/nó le hobair dheonach agus caithfidh ar a laghad 15% de chostas na scéime a bheith i gceist leis sin. Tá sé tábhachtach cúrsaí airgid a shocrú ag an tús. Beidh caipiteal oibre de dhíth ag an eagraí chun an costas a bhaineann le réamh-chéimeanna an imscrúdaithe a íoc agus moltar dó/di suim airgid a bhailiú o gach rannpháirtí nuair a dhéantar cinneadh dul ar aghaidh leis an scéim. Moltar mar bhealach praiticiúil leis na ranníocaíochtaí airgid tirim ar leithligh a dhéanann na rannpháirtithe a chionroinnt ná (a) ar bhonn luachála nó (b) ar ráta comhréidh in aghaidh an tí - le haird chuí ar imthosca airgeadais éagsúla chomhaltaí an ghrúpa agus ar an méid a chuirfear a gcuid oibre deonaí ar fáil i ngach cás.** | The balance of the cost of a scheme net of state grants is met by participants by way of cash contribution and/or voluntary labour and must be at least 15% of the cost of the scheme. It is important to arrange money matters at the outset. The organiser will want working capital to meet the expense involved in the preliminary stages of investigation and he/she would be well advised to collect a sum of money from each participant when it is decided to go ahead with the scheme. It is suggested that a practical way to apportion the individual cash contributions from participants would be (a) on a valuation basis or (b) at a flat rate per house - due regard being made to the varying financial circumstances of the members of the group, and to the extent to which their voluntary labour will be made available in each case. |
| **6. Eagrú** | 6. Organisation |
| **Agus grúp-sholáthar uisce á eagrú, an chéad rud ná** | In organising a group water supply, the first hurdle is |

| | |
|---|---|
| **foinse oiriúnach a aimsiú. Nuair a aimsítear foinse féideartha, ní mór tástálacha cainníochta agus cáilíochta a dhéanamh uirthi, lena chinntiú go dtáirgeoidh sí soláthar uisce inólta a bheidh leordhóthanach le freastal ar riachtanais bhaile agus thalmhaíochta na rannpháirtithe go léir. Dá mhéad rannpháirtithe a bheidh i gceist, i gcomhréir leis an méid uisce ar fáil ag an bhfoinse, is é is tíosaí a bheidh an scéim. Bunaítear an deontas ar an gcostas in aghaidh an tí, a fhaightear de ghnáth tríd an gcostas iomlán a roinnt ar an líon tithe sa scéim. Ba chóir go mbeadh mar aidhm ag an ngrúpa, ón tús, go bhfreastalódh an grúpscéim ar 100% de na naisc ó na sealbhóirí tí sa cheantar. Ar an tslí sin, coinneofar costas na scéime chomh híseal agus is féidir**<br><br>**Nuair a bheidh tástáil déanta ar an bhfoinse agus cead tugtha di, baileoidh an grúpa an chéad ranníocaíocht ó gach teach ionas gur féidir innealtóir a fhostú chun an scéim a dhearadh. Ní mór do Chomhairle Chontae na Gaillimhe an dearadh a cheadú. Cinntíonn an nós imeachta seo go mbeidh dearaí ag teacht le moltaí an údaráis féin don soláthar uisce sa cheantar. I roinnt cásanna, beidh gá le hathruithe a dhéanamh ar na dearaí ionas gur féidir scéimeanna a lánpháirtiú le forbairtí réigiúnacha don cheantar, nó sa cheantar, ag céim níos faide anonn.**<br><br>**Ní mór meastacháin a fháil agus a roghnú don obair, agus ní mór costas na scéime a mheas, bunaithe ar an dearadh ceadaithe. Ag an gcéim seo, ní mór d'eagraí an ghrúpa na ranníocaíochtaí airgid riachtanacha atá le déanamh ag na rannpháirtithe a bhailiú, sula bhféadfar na deontais iomchuí a leithroinnt. Ní mór don ghrúpa cuntas a oscailt i mBanc áitiúil in ainmneacha na nIontaobhaithe arna gceapadh ag na comhaltaí. Lóisteálfar an t-airgid a bailíodh chun tús a chur leis an gcuntas. Íocfar gach deontas Údaráis Áitiúil isteach sa chuntas sin ina dhiaidh sin.**<br><br>**7. Tógáil**<br>**Nuair a eiseofar teastas na Comhairle ar an ngrúpa, a léireoidh méid iomlán deontas an Údaráis Áitiúil, is** | to find a suitable source. When a possible source is located, it must be subjected to quantity and quality tests to make sure that it will produce a satisfactory supply of potable water which will be adequate to meet the domestic and agricultural requirements of all the participants. The larger the number of participants involved consistent with the amount of water available at source, the more economical will be the scheme. The grant is based on the cost per house, which is generally obtained by dividing the all-in cost by the number of houses in the scheme. The aim of the group should be to secure, at the outset, 100% connections from the householders in the area to be served by the group scheme. In this way, the cost of the scheme will be kept at a minimum.<br><br>When the source has been tested and approved, the group collects an initial contribution from each house so that an engineer may be engaged to prepare a design for the scheme. The design must be approved by Galway County Council. This procedure ensures that designs are in line with the local authority's own water supply proposals for the area. In some instances, changes have to be made in the designs so that schemes can be integrated at a later stage with regional developments in, or planned for, the area.<br><br>On the basis of the approved design, quotations must be sought and selected for the work and the costs of the scheme estimated. At this stage, the collection of the necessary cash contributions to be made by the participants must be completed by the group organiser before the appropriate grants may be allocated. The group must open an account in a local Bank in the names of the Trustees appointed by the members, lodging the cash collections to start the account. Subsequently, all Local Authority grants are paid direct into this account<br><br>7. Construction<br>When the Council's certificate indicating the total amount of the Local Authority grant is issued to the |

| | |
|---|---|
| **féidir tosú ar an obair, ar an gcoinníoll go mbeidh an ceadúnas oscailte bóithre riachtanach faighte ón gComhairle Chontae ag an ngrúpa agus go mbeidh an t-árachas riachtanach faighte acu.**<br><br>**Cuirfidh an Chomhairle an Banc Brainse atá ainmnithe ag an ngrúpa ar an eolas faoi líon agus méid na ndeontas atá á leithdháileadh. Íoctar deontais i dtráthchodanna nuair a sheachadfar ábhair ar an láthair agus pro-rata leis an dul chun cinn ar an scéim. Is ionann an cuntas bainc mar sin agus an ciste oibre óna ndéanfaidh an grúpa íocaíochtaí chun an costas a bhaineann le dearadh, ábhair a cheannach agus nithe gaolmhara eile a íoc.**<br><br>**Íocfar na deontais dheiridh nuair a dhearbhóidh Cigire Chomhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil soláthar uisce suiteáilte i ngach teach agus go bhfuil an scéim ag obair go sásúil.**<br><br>**8. Scéimeanna críochnaithe a chothabháil**<br><br>**Moltar do ghrúpaí rialacha a chur ar bun maidir le cothabháil agus oibriú a gcuid scéimeanna chomh luath agus is féidir tar éis don obair a bheith tosaithe, le cur amú agus mí-úsáid uisce a sheachaint.** | group, work can then start provided the group have obtained the necessary road-opening licence from the County Council, and the necessary insurances have been taken out.<br><br>The Branch Bank nominated by the group is informed by the Council of the number and amount of the grants being allocated. Grants are paid in instalments when materials are delivered on the site and pro-rata with the rate of progress on the scheme. The bank account is, therefore, the working fund from which the group makes payments to cover the cost of design, purchase the materials, and other related requirements.<br><br>The final grants will be paid when the Galway County Council‟s Inspector confirms that a water supply is installed in each house and the scheme is working satisfactorily.<br><br>8. Maintenance of completed schemes<br><br>It is advisable for groups to adopt rules for the maintenance and operation of their schemes as soon as possible after work has commenced - so as to prevent wastage, misuses of water, etc. |

| **Rátaí deontais do ghrúpscéimeanna** | Rates of grant for group schemes |
|---|---|
| **Limistéar:**<br>**Gach limistéar** | Area:<br>All areas |
| **Ráta an deontais:**<br>**85% den chostas faoi réir deontas uasta de €6,475 in aghaidh an tí** | Grant rate:<br>85% of cost subject to a maximum grant of €6,475 per house |

| **Deontais i ndáil le soláthair féideartha feirme féideartha** | Grants in respect of potential farm supplies |
|---|---|
| **Beidh deontais iníoctha i ndáil le soláthair feirme féideartha i ngach grúpscéim ina gcuirtear uisce ar fáil chun críocha baile agus talmhaíochta araon. Is ar na critéir seo a leanas a chinnfear cibé an mbeidh soláthair talmhaíochta féideartha incháilithe i gcomhair deontais:-** | Grants are payable in respect of potential farm supplies included in all group schemes where water is being supplied for both domestic and agricultural purposes. The eligibility of potential agricultural supplies for grants will be determined in accordance with the following criteria:- |

| | |
|---|---|
| **(a) Ní mór don iarratasóir a bheith ina (h)úinéir talún. Is ionann úinéir talún chun na críocha seo agus duine a bhfuil ar a laghad 5 acra de thalamh talmhaíochta aige/aici agus atá gafa le feirmeoireacht - agus ní hionann agus coiteoir nó duine eile a bhfuil ceapach thalún timpeall ar a theach cónaithe aige/aici. Ní bheadh úinéir talún a bhfuil a shealúchas ar léas ag duine éigin eile agus a bhfuil níos lú ná 5 acra d'fheirm aige incháilithe, ach amháin sa chás nach comhalta den ghrúpscéim lena mbaineann an duine a bhfuil an sealúchas ar léas aige.**<br><br>**(b) Cáileoidh gach úinéir talún do dheontas amháin i ndáil le scéim shonrach ar bith, beag beann ar an líon sealúchas ar leithligh dá mbeidh uisce de dhíth ón scéim sin. Sa chás go mbeidh sealúchais ag úinéir talún a ndéanann grúpscéimeanna éagsúla freastal orthu, áfach, is féidir deontas amháin a íoc lena ainm, i gcomhair gach scéime.** | (a) The applicant must be a landowner. A landowner for this purpose being a person who has at least 5 acres of agricultural land and is engaged in farming - as distinct from a cottier or other person who has a plot of land around his dwelling. A landowner who has let his holding to another person and who himself farms less than 5 acres would not be eligible, unless the person to whom the holding is let is not a member of the group scheme involved<br><br>(b) Each landowner will qualify for one grant in respect of any particular scheme, irrespective of the number of separate holdings for which he may require water from that scheme. If however, a landowner has holdings served by separate group schemes, one grant may be paid in his name for each scheme. |

| <u>Dearbhú ar incháilitheacht úinéirí talún</u> | <u>Confirmation of eligibility of landowners</u> |
|---|---|
| **Fíoróidh Comhairle Chontae na Gaillimhe incháilitheacht na ndaoine a chuirfidh isteach ar dheontais mar "úinéirí talún" trí:-**<br><br>**(a) Ceangal a chur ar iontaobhaithe grúpaí a dheimhniú gur úinéirí talún i mbun feirmeoireachta iad iarratasóirí arna n-ainmniú mar „H + L‟ nó „L.O.‟ ar an bhfoirm iarratais ar dheontas (G.W.41) ar feadh eolais agus creidimh na n-iontaobhaithe.**<br>**(b) Iarraidh ar iontaobhaithe sonraí a chur ar fáil agus a dheimhniú ar fhoirm ar leithligh (G.W.41A), sonraí a bhaineann leis an líon beostoic agus acraí talún talmhaíochta, etc., maidir le hiarratasóirí ainmnithe. Moltar gur chóir do chomhalta de choiste an ghrúpa an fhoirm seo (G.W.41A) a chomhlánú nuair a bhíonn sínithe na rannpháirtithe ar fhoirm G.W.41 á mbailiú, chun dúbailt na hoibre a sheachaint** | Galway County Council will verify the eligibility of persons applying for grants as "landowners" by:-<br><br>(a) Requiring group trustees to certify that applicants denoted H + L, or L.O. on the grant application form (G.W.41) are to the best of the trustees‟ knowledge and belief, agricultural landowners engaged in farming.<br>(b) Asking trustees to supply and certify data on a separate form (G.W.41A) relating to agricultural land acreage, livestock numbers, etc., for named applicants. It is suggested that this form (G.W.41A) be completed by a member of the group committee when collecting signatures of participants on application form G.W.41, thus eliminating duplication of work. |

| Treoir ar riachtanais a bhaineann le cáin ón 1ú Márta 1988 maidir le deontais a íoc le grúpscéimeanna uisce agus séarachais | Guide to tax related requirements from 1st March 1988 for payment of group water and sewerage scheme grants |
|---|---|
| **Roinn A** | Section A |
| **Re: An Conraitheoir** | Re: The Contractor |
| **Maidir le hiarratais ar dheontais a fhaightear an 1ú Márta 1988 nó ina dhiaidh sin, ní mór deimhniú C2 nó deimhniú imréitigh cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar aghaidh chuig an Roinn i ndáil leis an gconraitheoir/na conraitheoirí a bhíonn fostaithe ag grúpa chun an obair thógála a dhéanamh. Ba chóir an staid maidir le deimhnithe den sórt sin a dhearbhú dá réir sin roimh an chéim tairisceana/conraitheora den obair. Sa chás nach mbíonn conraitheoir fostaithe agus gurb iad an grúpa féin a dhéanann an obair, beidh deimhniú imréitigh cánach de dhíth do gach duine sa ghrúpa.** | For grant applications received on or after 1st March, 1988 it is necessary that a current C2 certificate or a tax clearance certificate from the Revenue Commissioners be submitted to the Department in respect of a group's contractor/(s) engaged to perform the construction work. The position in relation to such certificates should accordingly be confirmed prior to tender/contractor stage of the work. Where a contractor is not engaged and the group undertake the work themselves, a tax clearance certificate will be required for each of the individual group members. |
| **Roinn B** | Section B |
| **Re: An Grúpa**<br>**Maidir le deontais suas le €10,000: I gcás gach scéime séarachais ábhartha agus gach grúpscéime uisce (i gceantair nach ceantair faoi mhíbhuntáiste iad), beidh ar na hiontaobhaithe ceantar cánach agus uimhir thagartha na grúpscéime a chur ar an bhfoirm iarratais (is féidir an t-eolas sin a fháil ón gcigire cánach áitiúil), agus a rá ar an bhfoirm cibé an bhfuil cúrsaí cánach na grúpscéime in eagar, ar feadh a n-eolais.**<br><br>**Maidir le deontais os cionn €10,000: I gcás go sáraíonn deontais do ghrúpscéimeanna uisce seachas scéimeanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste €10,000, agus i gcás gach grúpscéime séarachais ábhartha, ní mór deimhniú imréitigh cánach reatha ó na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar fáil i ndáil leis an ngrúpscéim.** | Re: The Group<br>Where grants up to €10,000 apply: In the case of all relevant sewerage schemes, and group water schemes (in non-disadvantaged areas), it will be necessary for the trustees to insert on the application form the group scheme's tax district and reference number (this information may be obtained from the local inspector of taxes), and to state on the form whether to the best of their knowledge, the group scheme's tax affairs are in order.<br>Where grants exceeding €10,000 apply: Where grants for group water schemes other than schemes in disadvantaged areas exceed €10,000, and for all relevant group sewerage schemes, it will be necessary for a current tax clearance certificate from the Revenue Commissioners to be provided in respect of the group scheme. |
| **Nótaí** | Notes |
| **1. Inseofar don ghrúpa sula ndéanfar deontais a leithdháileadh cibé an bhféadfaí deontais níos mó ná** | 1. The question of whether grant payments might exceed €10,000 will be advised to the group prior to |

| | |
|---|---|
| **€10,000 a íoc.**<br>**2. I gcás go n-íocfar deontais níos mó ná €10,000, cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe foirm T.C. 1 ar fáil don ghrúpa le tabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim chun an deimhniú imréitigh cánach riachtanach a fháil.**<br>**3. Ní leithdháilfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe deontais go dtí go dtabharfar aird ar na nithe thuasluaite.** | the allocation of grants.<br>2. Where grants exceed €10,000 a form T.C.1 will be provided by the Galway County Council for issue by the group to the Revenue Commissioners to obtain the necessary tax clearance certificate.<br><br>3. Grants will not be allocated by Galway County Council until the above matters have received attention. |



| | | |
|---|---|---|
| **Seol an fhoirm ar ais chuig:**<br>**Rannóg na Seirbhísí Uisce**<br>**Comhairle Chontae na Gaillimhe**<br>**Áras an Chontae**<br>**Cnoc na Radharc**<br>**Gaillimh** | Return to:<br>Water Services Department<br>Galway County Council<br>Áras an Chontae<br>Prospect Hill<br>Galway | Tel (091) 509505<br>Fax (091) 769590<br>water@galwaycoco.ie<br>www.gaillimh.ie<br>www.galway.ie |